AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach Chiarraí 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

# Réamhrá an Oifigigh Roinne

Cúis áthais dom Plean Póilíneachta Rannach Chiarraí don bhliain 2023 a chur in bhur láthair ina leagtar amach ár bpríomhthosaíochtaí póilíneachta don bhliain amach romhainn. Cruthaítear ár bplean póilíneachta i gcomhairle lenár bpobail, bunaithe ar an aiseolas faighte ó chomhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha agus tagairt a dhéanamh do Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022 – 2024.

Cuirfidh ár bPlean Póilíneachta 2023 leis an gcaidreamh láidir atá bunaithe againn cheana féina lenár bpobail, páirtithe leasmhara gnó, comhpháirtíochtaí pobail agus ár gComhchoiste Póilíneachta.  Leagfar amach sa phlean seo na tosaíochtaí atá ag An Garda Síochána do Roinn Chiarraí agus é mar aidhm seirbhís phóilíneachta agus slándála ghairmiúil a sholáthar a thacaíonn lenár luachanna - seirbhís, ionracas, cuntasacht, meas agus comhbhá.

Táimid ag súil leis an rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun freagairt thiomanta a sholáthar don phobal trí chéile ionas gur féidir linn freagairt dá riachtanais agus déileáil leis na riachtanais sin fad is a bheidh daoine á gcoinneáil sábháilte againn.  Leanfaimid ar aghaidh le tairbhe a bhaint as cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine maidir le ceanglais phóilíneachta laistigh de Roinn Chiarraí trí infheictheacht, rannpháirtíocht agus cumarsáid fheabhsaithe.

Beidh ról lárnach ag cur i bhfeidhm leanúnach thionscnamh Roinn Chiarraí dar teideal “Má Fheiceann Tú Rud Éigin, Abair Rud Éigin” chomh fada is a bhaineann le seirbhís phóilíneachta pobail a sholáthar do gach pobal agus feabhsófar agus forbrófar é seo tuilleadh tríd an scéim a rolladh amach in eagraíocht an Gharda Síochána trí chéile.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair luachmhar atá déanta ag ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta, Comhchoistí Póilíneachta agus as an iontaoibh agus muinín atá léirithe ag an bpobal trí chéile ionann. Táimid ag súil go leanfaidh sibh ar aghaidh ag tacú linn agus ag obair linn in 2023 agus ba bhreá linn aiseolas a fháil faoi aon ghné den Phlean Póilíneachta amach anseo.

Ar deireadh, is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an bpearsanra ar fad atá ag obair don Gharda Síochána i Roinn Chiarraí, as an obair leanúnach atá á déanamh acu chun freastal ar ár bpobail agus as a dtiomantas daoine a choinneáil sábháilte.

________________________

**Padraic Powell - Ard-Cheannfort**
**Roinn Chiarraí**
**An Garda Síochána.**

## Sonraí teagmhála do Roinne – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| Limistéar Rannpháirtíochta Pobail Thrá Lí<br><br>An Ceannfort Flor Murphy | Trá Lí | 24 uair an chloig | 066 7102300 |
| | Oileán Ciarraí | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 7141204 |
| | An Fearann Fuar | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 9764111 |
| | Ard Fhearta | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 7134133 |
| | Caisleán na Mainge | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 9767317 |
| | Daingean Uí Chúis | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 9151522 |
| | Caisleán Ghriaire | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 7139690 |
| | Abhainn an Scáil | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i dTrá Lí | 066 9157102 |
| Limistéar Rannpháirtíochta Pobail Chill Airne<br><br>An Ceannfort Flor Murphy | Cill Airne | 24 uair an chloig | 064 6671160 |
| | Cill Orglan | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 066 9790500 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Neidín | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 064 6641177 |
| | Cathair Saidhbhín | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 066 9473600 |
| | An Coireán | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 066 9474111 |
| Limistéar Rannpháirtíochta Pobail Chill Airne<br><br>An Ceannfort Flor Murphy | An tSnaidhm | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 064 6645111 |
| | An Caladh | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 066 9477102 |
| | Gleann Beithe | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 066 9768202 |
| | An Barr Dubh | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i gCill Airne | 064 7754002 |
| Limistéar Rannpháirtíochta Pobail Lios Tuathail<br><br>An Ceannfort Flor Murphy | Lios Tuathail | 24 uair an chloig | 068 50820 |
| | Baile an Bhuinneánaigh | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | 068 27104 |
| | An Baile Dubh | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | 066 7131122 |
| | Baile Uí Thaidhg | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le | 066 7133122 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | |
| | Leic Snámha | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | 066 7132122 |
| | Tairbeart | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | 068 36101 |
| | Cnoc na gCaiseal | 10am-1pm - ag brath ar uaireanta oibre na nGardaí áitiúla - Nó, déan teagmháil le Stáisiún an Gharda Síochána i Lios Tuathail | 068 46102 |
| Seirbhísí Cosanta | Trá Lí | 9am - 5pm | 066 7102330 |
| Seirbhísí d'Íospartaigh | Oileán Ciarraí | 9am - 5pm | 066 7163303 |
| Póilíniú Bóithre | Oileán Ciarraí | 9am - 5pm | 066 7163301 |
| Oifigeach Roinne | Trá Lí | 9am - 5pm | 066 7102311 |
| Rannpháirtíocht sa Phobal<br><br>An Ceannfort Flor Murphy | Trá Lí | 9am - 5pm | 066 7102355 |
| Coireacht<br><br>Bleachtaire Ceannfoirt Fearghal Pattwell | Trá Lí | 9am - 5pm | 066 7102316 |
| Dearbhú Feidhmíochta<br><br>An Ceannfort Paul Kennedy | Cill Airne | 9am - 5pm | 064 6670181 |

| |
|---|
| **Oifigigh éagsúlachta** do Roinn Chiarraí, glaoigh ar an uimhir 066 7102300 (Trá Lí) / 064 6671160 (Cill Airne / 068 21000 (Lios Tuathail) |
| Oifigeach **Coiscthe Coireachta** do Roinn Chiarraí, glaoigh ar an uimhir 066 7102316 |
| **Imeaglú Bainteach le Drugaí** do Roinn Chiarraí - Más mian leat labhairt leis an gCigire Hugh Twomey glaoigh ar an uimhir 066 7102300 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Gnó**<br><br>**Príomhoifigeach Cúnta Martin Switzer** | **Riarachán Ginearálta** | **9am - 5pm** | **066 7102300** |
| | **Oifig Airgeadais** | **9am - 5pm** | **066 7102327** |
| | **Acmhainní Daonna** | **9am - 5pm** | **066 7102344** |
| | **Lóistíocht** | **9am - 5pm** | **066 7102380** |

# 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh imní don phobal | Nascacht leis an bpobal a fheabhsú trí inrochtaineacht agus infheictheacht fheabhsaithe an Gharda Síochána d'fhonn a chinntiú go mothaíonn daoine ar a gcompord agus go bhfuil daoine á gcoinneáil sábháilte. Níos mó béime a leagan ar chomhpháirtíochtaí chun iontaoibh agus muinín a fhorbairt san obair atá á déanamh ag An Garda Síochána i Roinn Chiarraí. |
| 1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu | Beidh baill scoite agus imeallaithe den phobal muiníneach go mbeidh Gardaí ar fáil chun tacú agus cabhrú leo nuair is gá. Beidh daoine aonair ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha den tuairim go mbeidh Gardaí áitiúla ar fáil chun tacú leo agus cabhrú leo. |
| 1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail | Trí bhéim a leagan ar chosc agus brath coireacht a bhaineann le drugaí éireoidh linn acmhainní fadhbréitigh a fhorbairt chun déileáil leis na héifeachtaí a bheidh ag mí-úsáid drugaí agus substaintí inár bpobal trí fhorfheidhmiú agus tacaíocht fheabhsaithe d'athshlánú dár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta. |

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta & an Choiste um Shábháilteacht an Phobail | |
| Rannpháirtíocht le hionadaithe tofa áitiúla | |
| Cruinnithe poiblí le grúpaí mionlaigh | |
| Garda Idirchaidrimh le leithdháileadh ar gach scoil | |
| Cláir feasachta agus oideachais á rith i Scoileanna | |
| Póilíneacht Phobail | |


| Obair | Modh |
|---|---|
| Cosc Coireachta chun tacú le Coireacht Fuatha a thuairisciú | |
| Coireacht a bhaineann le drugaí - Leanúint ar aghaidh le hOibríocht Tara chun cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí ag gach leibhéal, iad a bhriseadh suas agus a ionchúiseamh. | |
| Cosc ar Choireacht Gnó | |
| Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara pobail | |
| Rannpháirtíocht le Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh áitiúla maidir le coireacht fuatha inscnebhunaithe. | |
| Tionscnaimh rannpháirtíochta sa phobal atá dírithe ar Uileghabhálacht agus Éagsúlacht. | |

## 2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhinicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo | Beidh cur chuige póilíneachta bunaithe ar fhaisnéis mar bhonn lenár gcumas coireacht a chosc ar bhonn réamhghníomhach a mhéadú agus deiseanna comhpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a neartú agus a chur chun cinn. Tacú le hiniúchtaí ar shábháilteacht an phobail, i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun straitéisí a fhorbairt chun díriú ar láithreacha ina dtarlaíonn coireanna. Infheictheacht mhéadaithe trí na patróil choireachta atá á ndéanamh a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil patróil ard-infheictheachta ag díriú ar gach foirm iompair phoiblí. |
| 2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú | Feasacht, acmhainn agus cumas a mhéadú chun dul i ngleic leis an méadú atá tagtha ar an líon coireanna calaoise agus cibearchumasaithe. |
| 2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Na deiseanna dúshaothraithe atá ag grúpaí coireachta eagraithe a laghdú, trí roinnt faisnéise feabhsaithe le comhpháirtithe inmheánacha agus gníomhaireachtaí seachtracha agus oibríochtaí atá spriocdhírithe ar fháltais choireachta. Níos mó iontaoibhe agus muiníne sa phobal as ár gcumas daoine a choinneáil sábháilte agus faitíos roimh choireanna a laghdú. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil agus seicphointí ard-infheictheachta spriocdhírithe |  |
| Comhoibriú le comhpháirtithe inmheánacha / seachtracha maidir le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo coireacht a chosc. |  |
| Comhairle agus feasacht maidir le Coireacht a Chosc a roinnt. |  |
| Comhoibriú le comhpháirtithe inmheánacha / seachtracha maidir le tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo coireacht a chosc. |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta | |
| Suirbhéanna ar dhearcadh an phobail – Sástacht le seirbhís áitiúil etc. | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil cheilte spriocdhírithe |  |
| Láithreacha Coireachta a Phóilíniú – Straitéis chun Ionsaí / Ord Poiblí a Laghdú. |  |
| Tionscnaimh a fhorbairt i gcomhairle le Comhchoistí Póilíneachta. |  |
| Oibríochtaí Spriocdhírithe le haghaidh na gcionta atá ag déanamh an méid is mó imní do phobail |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Sonraí seirbhíse anailíse maidir le sábháilteacht an phobail – Ionsaithe, Ord poiblí, Buirgléireacht, Calaois etc. | |
| Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána | |

## 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
| --- | --- |
| 3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Freagairt phóilíneachta, éifeachtach agus eolasach, do gach íospartach d'fhoréigean teaghlaigh agus rialú comhéigneach de réir ár mbeartas agus dtreoirlínte eagraíochtúla. Trí thacú le híospartaigh leochaileacha éireoidh linn cearta an duine a chosaint agus seirbhís ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil a leithéid de sheirbhís ag teastáil uathu. Déanfaidh pearsanra atá ag obair le hAonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta gach coir ghnéis a thuairiscítear a imscrúdú/a mhonatóiriú. |
| 3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta | Glacfar páirt i rolladh amach náisiúnta na hanailíse bunaithe ar thorthaí ar imscrúduithe. Ciallóidh sé seo gur féidir faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil d'íospartaigh, an cleachtas imscrúdaitheach a fheabhsú agus forbairt beartais agus reachtach níos eolasaí a éascú. |
| 3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Tacú le hiompar tiomána níos sábháilte trí iompar agus feasacht fheabhsaithe tiománaithe, rothaithe agus coisithe. Forfheidhmiú agus oideachas le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun básanna ar na bóithre a laghdú agus an líon imbhuailtí tromchúiseacha a tharlaíonn ar bhóithre a laghdú. |

## 3. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil phearsanta le déanamh le híospartaigh foréigin teaghlaigh. | |
| Teagmhais a bhaineann le foréigean teaghlaigh le hathbhreithniú go neamhspleách ag maoirseoirí | |
| Idirchaidreamh le comhlachtaí Reachtúla, Tusla & CFA | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Measúnuithe íospartaigh curtha i gcrích laistigh de 3 lá. | |
| Athghlao ar Íospartaigh Foréigin Teaghlaigh laistigh de 7 lá. | |
| Cruinnithe ar freastalaíodh orthu i dteannta le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta inmheánacha agus seachtracha. | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Litreacha íospartaigh curtha ar fáil | |
| Timthriallta rannpháirtíochta le grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa phobal | |
| Brath cionta spriocdhírithe Sábháilteacht ar Bhóithre | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Rannpháirtíochtaí le grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa phobal. | |
| An líon seicphointí Meisce Éigeantacha (MIT). | |
| Fógraí Muirir Sheasta eisithe trí Aip shoghluaisteachta. | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur chun feidhme leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Trí bhailiú faisnéise feabhsaithe cuirfimid lenár n-acmhainn na daoine atá páirteach i sceimhlitheoireacht a shainaithint agus cur isteach orthu. |
| 4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Trínár gcaidreamh le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus údaráis áitiúla a neartú beimid in ann déileáil níos fearr le Teagmhais Mhóréigeandála |
| 4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu | Leanfaimid ar aghaidh ag obair lenár gcomhghleacaithe áitiúla agus náisiúnta chun cur isteach ar sceimhlitheoireacht agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a mhaolú |

## 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme. | Leanúint ar aghaidh le Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána agus tionscnaimh athraithe eile laistigh de Roinn Chiarraí a chur i bhfeidhm mar chuid den chlár claochlaithe ar a dtugtar "Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí". |
| 5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Níos mó béime a leagan ar lántairbhe a bhaint as tacar scileanna ár bhfoirne chun tacú le timpeallachtaí oibre feabhsaithe i dteannta le soláthar seirbhísí feabhsaithe. Cur le feasacht ár bhfoirne ar fhorbairt na heagraíochta agus tionscnaimh nua a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo soláthar seirbhísí agus a dtimpeallacht oibre a fheabhsú. |
| 5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais | Cleachtais oibre feabhsaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chun ár n-oibleagáidí eagraíochtúla a chomhlíonadh de réir spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ullmhú do rolladh amach carranna leictreacha agus an lorg carbóin a laghdú tríd an úsáid fuinnimh a laghdú. Trí chur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur i bhfeidhm maidir le riarachán cabhróimid lenár lorg carbóin a laghdú. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach | Anailís ar an mbearna scileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil an pearsanra oilte ar mhaithe le soláthar seirbhíse a fheabhsú. Tacú le háit oibre atá oiriúnach do chultúir éagsúla trí thacú le difríochtaí agus deis a thabhairt do gach fostaí tairbhe a bhaint as comhdheiseanna |
| E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dá bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Tionscnaimh curtha i bhfeidhm chun tacú le sláinte, folláine agus rannpháirtíocht fostaithe sa Roinn trí chéile. Tacaíocht feabhsaithe curtha ar fáil do bhaill atá as láthair go fadtéarmach agus, más cuí, conairí a aithint chun cabhrú leo filleadh ar an áit oibre. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcuir chuige ildisciplíneacha a fheabhsú | Leanúint ar aghaidh ag obair le pobail agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun réitigh inbhuanaithe ar fhadhbanna roinnte a fhorbairt chun tacú lenár misean - daoine a choinneáil sábháilte. |
| E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Comhoibriú le hinstitiúidí oideachais dara agus tríú leibhéal chun tionscnaimh phobail a fhorbairt. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthreo a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht dhéthreo le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. | Sásraí cumarsáide le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fheabhsú chun freagairtí póilíneachta ar riachtanais phobail atá ag éirí níos éagsúla a bharrfheabhsú. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó | An méid a foghlaimíodh ón Iniúchadh Cultúrtha a chomhtháthú i gcuir chuige athbhreithnithe agus nua chun trédhearcacht agus tacaíocht do phearsanra an Gharda Síochána a neartú. |

## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú. | Trí bhainistíocht sheasmhach gearán agus tacú le hEitic, feabhsóimid an iontaoibh agus an cháil atá orainn i measc ár bpobal. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach | Leanúint ar aghaidh le hathstruchtúrú an chórais bainistíochta agus riaracháin áitiúil. Beidh samhail oibriúcháin an Gharda Síochána mar bhonn le maoirseacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú, deis a thabhairt do phearsanra an Gharda Síochána díriú ar rudaí eile seachas dualgais riaracháin agus an líon acmhainní atá ar fáil do sheirbhísí túslíne a mhéadú. |

# Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt | Rolladh amach leantach gléasanna soghluaisteachta chun tacú le pearsanra túslíne úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht. Tacú le húsáid eiticiúil a bhaint as faisnéis bheacht agus inrochtana chun bonn eolais a chur ar fáil do fhreagairtí tosaíochta agus d'acmhainn chinnteoireachta. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríf an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbhreithniú seachtrach | Acmhainn dhigiteach mhéadaithe chun cinnteoireacht éifeachtach a chumhachtú trí fhaisnéis chruinn a fháil go tráthúil |


## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Líne Chabhrach d'Íospartaigh Choireachta** | https://crimevictimshelpline.ie/ | info@crimevictimshelpline.ie | Saorghlao 11 6006<br><br>Téacs 085 133 7711<br>(beidh gnáthrátaí téacs le híoc) |
| **Seirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn (ITAS)** | https://www.itas.ie/ | info@itas.ie | 01 661 0562<br><br>1890 365 700 |
| **ADVIC Tacadóirí d'Íospartaigh Dúnbhásaithe in Éirinn** | https://advic.ie/ | info@advic.ie | 086 127 2156 |
| **Na Samáraigh** | https://www.samaritans.org/ | jo@samaritans.ie | 116 123 (Saorghlao)<br><br>Téacs 087 260 9090<br>(beidh gnáthrátaí téacs le híoc) |
| **Teach Pieta** | https://www.pieta.ie/ | info@pieta.ie | 066 71 63660<br><br>1800 247 247 (Líne Chabhrach)<br><br>Téacsáil an focal 'Help' chuig 51444 |
| **Jigsaw** | https://jigsaw.ie/ | kerry@jigsaw.ie | 066 7186785 |
| **Seirbhís Dídine agus Tacaíochta na mBan Chiarraí** | https://kerryrefuge.com/ | generalmanager@kerryrefuge.com | 066 71 29100 |
| **Cúnamh do Mhná** | https://www.womensaid.ie/ | info@womensaid.ie | 1800 341 900<br>Líne Chabhrach Náisiúnta Saorghlao |
| **Líne Chabhrach na Leanaí** | https://www.childline.ie/ | | 1800 666 666 (Saorghlao)<br>Téacsáil an focal 'Talk' chuig 50101 |
| **ISPCC Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí** | https://www.ispcc.ie/ | info@ispcc.ie | 01 234 2000 |
| **CARI *Children at Risk in Ireland*** | https://www.cari.ie/ | info@cari.ie | 01 830 8529 |
| **Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.oberstown.com/ victim-liaison-service/ | vl@oberstown.com | 01 852 6445 |
| **Seirbhís Phríosúin na hÉireann Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.irishprisons.ie/ victim-liaison/ | vlo@irishprisons.ie | 043 333 5100 |
| **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)** | https://www.dppireland.ie/ | dpp@dpp@ireland.ie | 01 858 8500 |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath** | https://www.drcc.ie/ | info@rcc.ie | 1800778888 |

# Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **Pobal -**<br>**Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte** | • An céatadán freagróirí a thuairiscíonn gp bhfuil siad sásta le Seirbhís Áitiúil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim nach ndéileálann An Garda Síochána le nithe tábhachtacha sa phobal.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaitheann Gardaí le gach duine sa phobal go cothrom is cuma cé hiad féin.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go n-éisteann An Garda Síochána leis na hábhair atá ag déanamh imní do dhaoine áitiúla.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leat má bhí aon teagmháil acu leo.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach -**<br>**A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí atá den tuairim gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht sa cheantar áitiúil.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil imní orthu gur íospartach cibearchoireachta a bheidh iontu féin nó aon duine atá ina gcónaí leo.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil an leibhéal coireachta ginearálta ag déanamh imní dóibh.<br>• An céatadán freagróirí nach bhfuil aon tionchar ag an mbaol a bhaineann le coireacht ar a gcaighdeán saoil.<br>• An céatadán freagróirí atá airdeallach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios gur íospartach de choireacht den chineál céanna iad roinnt uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• An céatadán freagróirí a shonraigh go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar chearta an duine.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána éifeachtach chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic le coireacht.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil oiriúnach.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann gur féidir brath ar na Gardaí ina gceantar áitiúil nuair a bhíonn siad ag teastáil. |
| **Íospartaigh & Daoine Leochaileacha -**<br><br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus **gach duine** leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn | • An céatadán íospartach atá réasúnta sásta nó an-sásta leis an tslí ar dhéileáil An Garda Síochána lena gcás.<br>• An céatadán íospartach a thuairiscigh an cineál coireachta is déanaí ar dhéileáil siad leis.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscigh, i ndáil leis an teagmhas is déanaí ar dhéileáil siad leis, gur dhéileáil na Gardaí leis an teagmhas go tapa nuair a tuairiscíodh an teagmhas ar dtús.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios go ndearna An Garda Síochána teagmháil leo i ndiaidh dóibh a dteagmhas is déanaí a thuairisciú. |
| **Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br><br>Tacú le cultúr **d'fheabhas leanúnach** agus a leithéid de chultúr a spreagadh, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • An céatadán de fhreagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine & Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumhachtú & Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána á bhainistiú go héifeachtach.<br>• An céatadán freagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil An Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfuil sé ag freastal orthu.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go bhfuil leibhéal meánach - ard iontaoibhe acu as An Garda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta aige |
|  | Teileafón |
|  | Ríomhphost |
|  | Post |
|  | Raidió |
|  | Teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i láthair go pearsanta |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | De shiúl na gcos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

066 7102300

www.garda.ie

Tralee_dv@garda.ie